



## Tacaí don Seomra Ranga Ceoil

### Uirlis Mhachnaimh an Mhúinteora

Baineann an uirlis mhachnaimh seo le gach taca de chuid Oide don seomra ranga Ceoil. Tugtar duit, mar Mhúinteoir Ceoil, spás chun machnamh a dhéanamh ar an dóigh a d'fhéadfadh le gach taca cuidiú le foghlaim do scoláirí agus í a fhorbairt. Iarraimid ort do mhachnamh a dhéanamh ar na ceisteanna thíos sula mbaineann tú úsáid as na tacaí don seomra ranga.

Cén bhliainghrúpa a d'fhéadfadh a bheith páirteach san fhoghlaim seo?

Cén fáth a mbeadh an fhoghlaim seo oiriúnach do na scoláirí sin?  
(Réamhfhoghlaim? Suimeanna na scoláirí? Spreagadh?)

Cén fhoghlaim a aithníodh sa tSonraíocht, sa Ráiteas Cláir nó sa Siollabas a nascann an fhoghlaim seo léi?

Sainaithin Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí agus/nó Príomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí a chuirtear ar obair san fhoghlaim seo.

Cad iad na mionathraithe atá le déanamh agam ionas go mbeidh an taca seo oiriúnach do mo scoláirí?



Oide

Bancheoltóirí na  
hÉireann a Cheiliúradh

# LÁ Idirnáisiúnta na mBan

Léigh faoin triúr ceoltóirí Éireannacha seo agus déan na gníomhaíochtaí ar na leathanaigh a leanas.



Grianghraf:  
<https://www.itma.ie/people/zoe-conway/>

Is veidhleadóir Éireannach í **Zoë Conway** as Contae Lú atá oilte sa cheol clasaiceach agus san fhidléireacht thraidisiúnta. Sheinn Zoë, mar cheoltóir aonair, le ceolfhoirne ar fud an domhain agus bíonn sí ag obair go dlúth le Bill Whelan, cumadóir Riverdance. Is ball í de ZoDoMo taobh le ceoltóirí traidisiúnta Donal Lunny agus Mairtín O'Connor. Bronnadh duais uirthi mar Ionstraimí Tíre is Fearr sa bhliain 2019. Is iomaí píosa ceol Gaelach atá scríofa ag Zoë mar chumadóir don fhidil, giotár agus ceolfhoireann lena n-áirítear *Starlings* agus *Ómós Shéamuis* in ómós do Seamus Heaney

Is il-ionstraimí, amhránaí, cumadóir amhrán agus cumadóir ceoil as Contae Mhaigh Eo í **Lisa Canny**. Mar Churadh Uile-Éireann seacht n-uaire ar an mbainseó agus ar an gcláirseach, tógann Canny spreagadh ón gceol R&B, popcheol agus ceol hip hap an oiread is a thógann sí ón gceol Gaelach agus ceol tíre lena tógadh í. Is ceol ar leith é ceol Lisa ina dtugtar na gnéithe sin le chéile. Tá popcheol agus ceol Gaelach measctha le chéile ag Canny chomh maith ina leaganacha féin de *You need me, I don't need you* le Ed Sheeran agus *Toxic* le Britney Spears. Tá sí ar dhuine de bhunaitheoirí Biird, an grúpa traidisiúnta cailíní. Bíonn léirithe Canny lán d'fhuinneamh, bíonn siad neamhbhalbh agus bíonn siad iontach siamsúil.



Grianghraf:  
<https://oaim.ie/tutor/lisa-canny/>



Grianghraf:  
<https://zoecclarke.bandcamp.com/>

Is amhránaí/cumadóir amhrán 22 bliain d'aois í **Zoe Clarke** arb as Baile Átha Cliath, Éire í. D'eisigh sí 'Safe & Sound', a céad cheirnín leathfhada, in Iúil 2020, a bhí ag uimhir 1 i gcairteacha iTunes na hÉireann.

Chuaigh Zoe ar an bpríomhardán in Whelan's, an t-ionad clúiteach ceoil i mBaile Átha Cliath, Éire, dá céad seó ceannlíne ar 15 Meán Fómhair 2021.



oide.ie

eolas@oide.ie





Zoë Conway

**Éistimis!** Éist le *Starlings* le Zoë Conway [anseo](#).

Cén uirlis a bhfuil an tséis á seinm uirthi? \_\_\_\_\_

Ainmnigh tréith amháin den cheol Gaelach atá le cluinstitín anseo. \_\_\_\_\_

Is sampla é *Starlings* de phort luascach, damhsa Gaelach in 9/8.

Éist arís le tús *Starlings* agus buail do bhosa leis na buillí láidre. 1 2 3 4 5 6 7 8 9

**Cumaimis!** Cum port luascach chun mná sa Cheol Gaelach a chéiliúradh.

- I do scórpháipéar, cum rithim 4-bharra nó 8-mbarra in am 9/8. Roghnaigh patrún as na patrúin rithime coitianta seo de phort luascach.



trá - ta



is - pí - ní



Ubh

- Seinn do rithim port luascach le duine eile.

Is minic móid in úsáid sa cheol Gaelach, is é sin seanchóras scálaí ceoil. Úsáidtear an scála G A B C D E F in *Starlings*. Tugtar mód Micsilidiach in G air seo ar an ábhar nach bhfuil an F géar. Agus na nótaí ón mód Micsilidiach in úsáid agat, cuir séis le do rithim port luascach.

**Taisce Nótaí**

**G A B C D E F**

**Seinnimis!** Seinn do phíosa ceoil don Damhsa Gaelach.

Tá dosanna le cluinstitín i dtionlacan *Starlings*, is nótaí fada iad a choinnítear ag gabháil agus a thacaíonn leis an tséis.

Cuirimis tionlacan dois le do phort luascach. Sa ghrúpa, socraigh cé a sheinnfidh an tséis sa phort luascach agus roinn na dosanna idir beirt cheoltóirí agus/nó seinnfidh ceoltóir amháin dhá nóta an dois.

Bain sult as!

Grianghraf: <https://www.itma.ie/people/zoe-conway/>



Lisa Canny

**Éistimis!** Éist leis an amhrán *Freedom* le Canny [anseo](#).

Cad iad na **tréithe** den cheol Gaelach atá le cluinstitín?

### Déanaimis Taighde!

Bí ag obair i ngrúpa chun na hamhráin Ghaelacha a ndéanann Canny tagairt dóibh sna liricí de *Freedom* a aithint.

Roghnaigh amhrán tíre amháin a d'aithin an grúpa, éist leis agus déan taighde ar an amhrán.

- Cérbh iad na chéad cheoltóirí?
- Cén uair a cumadh an píosa?
- Cad é a bhfuil na liricí faoi?
- Cad iad na huirlisí a úsáideadh sa bhunleagan?
- Cad iad na tréithe den cheol Gaelach a chuala tú?
- Cad é an chuid is suimiúla den amhrán? Cén fáth?
- Cruthaigh seinnliosta ina n-áirítear leaganacha eile den amhrán tíre seo.

She was born in a dirty old town  
A little dark rose they couldn't pin down  
From the mountains of Mourne to the Raglan Road  
They all knew her name though they'd never been told  
Oh oh oh, she shared with the angels the spirit of life  
Oh oh oh, and the people would follow her all day and night  
She was sweet sixteen upon the Fiddler's Green  
Wearing her dancing shoes, she danced the rhythm of the blues  
Under the rising moon beyond the pale and the gloom  
She was igniting dreams of freedom  
She used to sing so loud right in the middle of the crowd  
That when it came in her way before the dawning of the day  
Breaking all of these years by making oceans out of tears  
The people knew she would lead them to freedom  
Lead them to freedom x 3  
Tham da-li a di dam dam dam  
She tamed the wild rover despite his fights  
After three, four, five, six, seven drunken nights  
"To be a nation once again," she said  
"Drop your defences now, dance until the devil's dead"

Roghnaigh mo ghrúpa \_\_\_\_\_

Ba le \_\_\_\_\_ an bunleagan.

Cumadh é sa bhliain \_\_\_\_\_

Tá an t-amhrán faoi \_\_\_\_\_

Cad iad na huirlisí a bhí sa bhunleagan? \_\_\_\_\_

Cad iad na tréithe den cheol Gaelach a chuala tú? \_\_\_\_\_

Seo an chuid is suimiúla: \_\_\_\_\_

Seo leagan eile den amhrán: \_\_\_\_\_



Zoe Clarke

## Éistimis!

Tá *On Raglan Road* ar cheann de na hamhráin a ndéantar tagairt dóibh in *Freedom* le Lisa Canny. Is tiúin thraidisiúnta é ina bhfuil liricí le Patrick Kavanagh. Éist leis an leagan seo de [On Raglan Road](#) le Zoe Clarke.

## Déanaimis Taighde!

- Cad é an t-ainm atá ar an mbunleagan den tiúin thraidisiúnta a bhfuil an t-amhrán seo bunaithe uirthi?
- Aimsigh an áit a bhfuil Bóthar Raglan ar Google Maps.
- Cad a shíleann tú a bhfuil an t-amhrán faoi?
- Cá huair a vótáladh *On Raglan Road* mar an t-amhrán tíre is fearr leis na hÉireannaigh?
- Aimsigh agus éist le hamhrán eile á chanadh ag Zoe Clarke.

## Déanaimis Anailís!

On Rag - lan Road of an au - tumn day I saw her first and knew

8 that her dark hair would weave a snare that I might one day rue.

16 I saw the dan - ger and I walked a - long the enchan - ted way.

24 And I said, let grief be a fal - len leaf at the dawn - ing of the day.

- Cén gleás ina bhfuil an ceol seo? \_\_\_\_\_ Ainmnigh na trí nóta ag X. \_\_\_\_\_
- Tugann na nótaí sin an tríchorda de ... G mór D mór F mór
- Úsáid dathanna éagsúla nó aibhsigh gach mír. An bhfuil míreanna ar bith cosúil le chéile nó mar an gcéanna? Úsáid litreacha chun an bhfoirm a scríobh síos. \_\_\_\_\_
- Cuir cordaí taca leis an tséis.
- Déan cleachtadh agus seinn do leagan féin de *On Raglan Road*. <https://zoeclarke.bandcamp.com/>

Griangraf::